C/2026/2785

19.5.2026

Foilsiú iarratais ar chlárú táisc gheografaigh de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/2785)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Olio dei Colli di Bologna’

Uimh. AE: PGI-IT-03354 — 2.10.2024

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Olio dei Colli di Bologna’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC ☐ TGFC ☒

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Iodáil

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

15 - SAILLTE AGUS OLAÍ AINMHÍOCHA, PLANDÚLA NÓ MIOCRÓBACHA AGUS A dTÁIRGÍ SCOILTE; SAILLTE INITE ULLMHAITHE; CÉARACHA PLANDÚLA NÓ AINMHÍOCHA

1509 – Ola olóige agus a codáin, scagtha nó gan bheith scagtha, ach gan iad a bheith modhnaithe go ceimiceach

1509 20 – Ola olóige úríon

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Nuair a scaoiltear í lena tomhailt, ní mór d’ola olóige úríon Tásc Geografach faoi Chosaint ‘Olio dei Colli di Bologna’ na caighdeáin cheimiceacha/fhisiciúla agus orgánaileipteacha seo a leanas a chomhlíonadh:

— Anailís chéadfach: torthaíocht olóige atá idir meánach agus láidir (airmheán > 3) agus nótaí searbha agus géara (airmheán > 3) ag gabháil leis; féadfaidh na nótaí tánaisteacha seo a leanas a bheith ann: *bliosán, féar, almóinn, tráta*

— Saoraigéadacht ≤ 0,3 %

— K_{232}: ≤ 2,20

— K_{270}: ≤ 0,20

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

— Aigéad oiléach: ≥ 72 %

— Aigéad líonoiléach: ≤10 %

— coimheas aigéid oiléach/líonoiléineach: ≥ 7

— Bithfheanóil/polaifeanóil: ≥ 150 mg aigéad gálach/kg ola (modh speictreafótaiméadrach Folin-Ciocâlteu).

— Dath: idir glas agus órbhuí, ag brath ar aois na hola.

Na paraiméadair nach luaitear go sonrach, ní mór dóibh reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm maidir le hola olóige úríon a chomhlíonadh.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

An ola TGFC 'Olio dei Colli di Bologna', ní mór í a tháirgeadh ó ológa de na cineálacha seo a leanas:

— seo a leanas na cineálacha a cheadaítear le haghaidh TGFC 'Olio dei Colli di Bologna' aonchineálach: Correggiolo, Frantoio, Nostrana di Brisighella agus a chuid clón, Ghiacciolo agus a chuid clón, Farneto, Montebudello, Montecapra, Montecalvo 2 agus Oliveto. Ní mór 85 % nó níos mó de na hológa a úsáidtear a bheith ina n-ológa de na cineálacha a roghnaítear, agus féadfaidh an 15 % eile teacht ó shaothróga eile;

— chun ola TGFC (cumaisc) 'Olio dei Colli di Bologna', nach d'aonchineál í, a tháirgeadh, ceadaítear saothróga Leccino agus Maurino sa bhreis ar na cineálacha a luaitear thuas. Ní mór 80 % nó níos mó de na hológa a úsáidtear a bheith ina n-ológa de dhá shaothróg nó níos mó as na cineálacha uile a cheadaítear, agus féadfaidh an 20 % eile teacht ó shaothróga eile.

Ní mór do na hológa teacht ón limistéar geografach sainithe.

Ológa de na cineálacha a fhásann go traidisiúnta sa limistéar geografach sainithe mar gheall ar na dálaí comhshaoil agus saothraithe, ar saintréithe den limistéar iad, atá san amhábhar le haghaidh Tásc Geografach faoi Chosaint 'Olio dei Colli di Bologna'.

Is cineálacha iad sin a bhfuil glacadh acu le haeráidí níos fuaire, atá á bhfás le blianta fada sa limistéar tionscnaimh nó nach bhfuil le fáil ach sa limistéar sin amháin fiú, agus is féidir leo a saintréithe cáilíochta sonracha a thabhairt don ola.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Saothrú ológ, buaint ológ agus eastóscadh ola ó na hológa.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an ola a scagadh sula ndéantar í a phacáistiú, (nó a scinceáil ar a laghad) chun aon dríodar agus iarmhar próiseála a dhíothú.

Ag an gcéim réamhdháilte, ní mór an táirge a chosaint ar sholas díreach agus a choinneáil ag teocht rialaithe (raon teochta: 13-25 °C le linn na gcéimeanna réamhdháilte agus stórála araon).

Má stóráiltear an ola in umair chruach sula ndéantar í a bhuidéalú, ní mór támhgháis (e.g. N2 nó Ar) a úsáid chun an t-idirspás a líonadh (an chuid den umar stórála atá os cionn leibhéal na hola) ionas go laghdófar a mhéid a thagann an ola i dteagmháil le hocsaigin, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le himoibriú ocsaídiúcháin.

Ní mór ola TGFC 'Olio dei Colli di Bologna' a mhargú i gcoimeádáin a cheadaítear leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm agus ina bhfuil toilleadh nach mó ná 5 lítear. Ní mór na coimeádáin a shéalú agus a lipéadú. Ní mór úsáid a bhaint as córas pacáistithe príomhúil/tánaisteach lena gcosnaítear an ola ar theochtaí éadroma agus arda.

4.6. *Na rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe, tagraíonn siad don mhéid a leanas*

Ní mór an fhoclaíocht 'Olio dei Colli di Bologna' a bheith ar an lipéad i litreoireacht leithleach dhoscriosta ionas gur féidir í a idirdhealú ón bhfaisnéis eile go léir a thugtar ar an lipéad.

Ceadaítear ainmneacha, ainmneacha sealbhaíochta, ainmneacha cuideachta, ainmneacha comhlachais nó trádmharcanna príobháideacha a úsáid, ar choinníoll nach dtugtar moladh don táirge leo agus nach gcuirtear an tomhaltóir amú leo.

Toirmisctear aon tuairisc a chur leis an Tásc Geografach faoi Chosaint 'Olio dei Colli di Bologna' nach bhforáiltear go sainráite maidir léi sa tsonraíocht táirge, lena n-áirítear na haidiachtaí a leanas: 'fine' (mín), 'scelto' (den chéad rogha), 'selezionato' (roghnaithe) nó 'superiore' (den scoth).

Tagairtí fíora infhíoraithe lena léirítear modhanna táirgeoirí a cheadaítear (e.g. 'aonchineálach' agus ainm na saothróige a úsáidtear ina dhiaidh).

Ní mór an lógó a bhfuil tuairisc air thíos a bheith ar an lipéad freisin.

Maidir le TGFC 'Olio dei Colli di Bologna', is tagairt bhriathartha agus fhíorach araon í lena gcuimsítear an t-ainm 'Olio dei Colli di Bologna' agus lógó ina bhfuil an dá thúr, ar siombail de Bologna iad, duilleoga olóige agus na hológa féin, agus iad curtha os cionn na foclaíochta sa lógó, mar a léirítear thíos:



Ar an lógó tá íomhánna stílithe de dhá thúr Bologna, Túr Garisenda ar chlé agus Túr Asinelli ar dheis, agus iad curtha i gciorcal agus an ceathrú cuid den túr ar dheis ag éirí aníos as an gciorcal. Ag gabháil mórthimpeall bhun an chiorcail, tá dhá chraobh olóige agus duilleoga orthu. Tá sé dhuilleog ar an gcraobh ar chlé, tá cúig dhuilleog ar an gcraobh ar dheis, agus níl na duilleoga ar aon mhéid le chéile agus iad dírithe i dtreonna éagsúla. Ar an gcuid íochtarach den dá chraobh, tá trí ológ stílithe, rud a thugann sé ológ de mhéideanna éagsúla agus dírithe i dtreonna éagsúla. Féadfar an lógó a phriontáil sna dathanna seo a leanas:

— dubh ar dhath bán;

— bán ar dhath dubh (nó ar chúlra dorcha eile);

Ar dhath bán: túir, ciorcal, ológa agus téacs: PANTONE 430; craobhacha olóige: PANTONE METALLIC 871;

Ar dhath dubh: túir, ciorcal, ológa agus téacs: BÁN; craobhacha olóige PANTONE METALLIC 871.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Sa limistéar táirgeachta (áit a bhfástar agus a mbuantar na hológa), áit a ndéantar ola TGFC 'Olio dei Colli di Bologna' a eastóscadh freisin, tá na bardais laistigh de limistéar riaracháin Chathair Mheitreapholaiteach Bologna atá suite ar an taobh ó dheas den bhóthar Via Emilia, agus go sonrach: críoch iomlán na mbardas seo a leanas: Alto Reno Terme, Borgo Tossignano, Camugnano, Casalecchio di Reno, Casalfiumanese, Castel d'Aiano, Castel del Rio, Castel di Casio, Castiglione dei Pepoli, Fontanelice, Gaggio Montano, Grizzana Morandi, Lizzano in Belvedere, Loiano, Marzabotto, Monghidoro, Monte San Pietro, Monterenzio, Monzuno, Pianoro, San Benedetto Val di Sambro, Sasso Marconi, Valsamoggia, Vergato, Zola Predosa,

críoch na mbardas seo a leanas atá suite ar an taobh ó dheas den Via Emilia: Anzola dell'Emilia, Bologna, Castel San Pietro Terme, Dozza, Imola, Ozzano dell'Emilia, San Lazzaro di Savena.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

An t-iarratas ar aitheantas an ainm ‘Olio dei Colli di Bologna’, tá sé bunaithe ar shaintréithe cáilíochta na hola.

Go sonrach, tá an limistéar tionscnaimh i lár réigiún Emilia-Romagna. Limistéar cnocach atá ann atá suite sa chuid theas de chríoch riaracháin Chathair Mheitreapholaiteach Bologna.

Saintréith den cheantar sin is ea lomáin ghalaithe de ghipseam a bheith ann agus is cuid den láithreán nádúrtha ‘Carst gailíte agus Pluaiseanna na nAipiníní Thuaidh’ é a cuireadh le liosta Oidhreachta Domhanda UNESCO in 2023.

Tá an limistéar aonfhoirmeach i dtéarmaí a aeráide, ar aeráid fho-Mheánmhara í – ina mbíonn samhraí agus geimhrí tura agus frasaíocht comhchruinnithe san earrach agus san fhómhar – agus, ar ghaobhair na lomán gipseam, agus í maolaithe ag an bhfoirmíocht gheolaíoch sin atá ann.

Le blianta beaga anuas, bhí an mheánteocht laethúil sa réigiún idir 30 °, ar na leibhéil is airde, agus -9 °, ar na leibhéil is ísle, agus tá treocht aníos le sonrú ar na leibhéil is ísle agus na leibhéil is airde araon, agus shroich na leibhéil is airde 38 °. Is iondúil go mbíonn limistéar Colli di Bologna (cnoic Bologna) níos fuaire, áit a mbíonn na leibhéil is airde laethúla de thart ar 20° ar an meán agus buaiceanna i gcomhréir leis na harduithe réigiúnacha os cionn 37 °, agus meán-íseal de thart ar -5 °.

A mhéid a bhaineann le báisteach, saintréith de chuid an réigiúin is ea frasaíocht a mhéadaíonn de réir mar a bhogann duine ón machaire sa tuaisceart i dtreo shléibhte na nAipiníní sa deisceart, áit a mbíonn leibhéil báistí idir 600 mm agus 1 800 mm san iardheisceart. Mar sin féin, shaobh teagmhais adhaimsire na figiúirí sin le blianta beaga anuas. Idir 700 mm agus 900 mm a bhíonn na figiúirí frasaíochta bliantúla a thaifeadtar le haghaidh limistéar lomáin gipsim Gessi Bolognesi.

Go ginearálta, bíonn ithreacha insaothraithe an limistéir measartha mín-uigeach, bíonn infhaighteacht mhaith ocsaigine acu agus bíonn siad domhain, rud a chuidíonn leis an bhfréamhchóras forbairt. Ní úsáidtear lomáin ghipsim le haghaidh talmhaíochta ós rud é nach talamh idéalach í an charraig le haghaidh barr. Mar sin féin, an tsaintréith eisceachtúil sin, trí tháimhe theirmeach agus in éineacht le nochtadh na gcreaga ó dheas, cruthaíonn sí miocraeráid, trí theas a scaoileadh de réir a chéile, rud atá ag cothú na gnáthóige idéalaí leis na céadta bliain le haghaidh roinnt barr a bhíonn sa Mheánmhuir de ghnáth, thar aon ní eile an crann ológ, an barr sainiúil sna limistéir sin.

Mar a léirítear leis an doiciméadacht a bhaineann le haitheantas UNESCO, ní bhíonn uiscígh an limistéir in ann tacú le talmhaíocht uiscithe go ginearálta, agus na sruthchúrsaí oiriúnacha ar urlár an ghleanna nó taiscumair shaorga, is tearc ann iad. I dteannta a chéile, fágann na tosca nádúrtha agus daonna sin go bhfuil an chríoch an-ilroinnte. Ag éirí aníos ó urlár an ghleanna dúinn, tagann barra uiscithe os ár gcomhair ar dtús, is é sin úlloird de chineálacha éagsúla, agus ina dhiaidh sin ar léibhinn níos airde agus ar thalamh le fána, áit a dtagann méadú ar ghrádán an fhíonghoirt, agus ansin ceapacha léibheannaithe faoi chrainn ológ sna limistéir is oiriúnaí.

I staidéir a rinneadh ar fhás ológ in Emilia-Romagna, léirítear go raibh crainn ológ riamh anall sna cnoic gar do Bologna, áit a bhfuil dáileadh manglaim ann trí oiriúnú a dhéanamh do nideoga beaga éiceolaíocha atá cosanta ar ghaotha aduaidh agus ar cheo. Tá fianaise dhoiciméadaithe ann ar chrainn atá ann leis na céadta a tháinig slán ó reonna a bhuí le frithsheasmhacht in aghaidh teochtaí crua, frithsheasmhacht a rinneadh a charnadh trí oiriúnú do mhiocraeráidí áitiúla sonracha.

Go deimhin, tá an limistéar sin, agus é suite thart ar an 44ú líne dhomhanleithid, tá sé suite go geografach ar fhoircinn thuaidh na gcriosanna atá oiriúnach d’fhás ológ, agus é amuigh orthu gan a shíneadh ach go hannamh thar 45° ó thuaidh.

Dá bhrí sin, na dálaí saothraithe ológ sa limistéar tionscnaimh, eascraíonn siad as saintréithe sonracha comhshaoil lena gcothaítear na himthosca caighdeánacha struis teasa agus struis uisce is gá le linn chéimeanna carntha agus aibithe ola na n-ológ, cé go bhfuil siad ann ag domhanleithead neamhghnách chun ológa a fhás. Seo a leanas saintréithe na ndálaí sin:

— an éagsúlacht mhór teochta laethúil agus shéasúrach is gnách do lár-thuaisceart na hIodáile, a mhaolaítear go páirteach trí na carraigeacha gailíte atá ann, carraigeacha a mhaolaíonn tionchar na dteochtaí an-íseal;

— líonra uisce dromchla atá beagnach go hiomlán gann agus an bháisteach íseal, go háirithe sa samhradh, cé is moite de theagmhais fhoircneacha nach féidir leas a bhaint astu le haghaidh táirgeadh talmhaíochta nó a dhéanann dochar dó fiú;

— forbairt drúp atá comhoiriúnach do shaintréithe an chomhshaoil, le haghaidh cineálacha atá tipiciúil don limistéar seo nó a chuaigh in oiriúint dó agus, dá bhrí sin, tá siad in ann lipidí a fhorbairt go príomha;

Tá eolas maith ar na héifeachtaí a bhíonn ag teocht sa limistéar saothraithe ológ ar chomhdhéanamh aigéid ola. Na héifeachtaí sin, tagann siad chun solais toisc go méadaíonn an cion aigéid oiléaigh agus, dá bhrí sin, an cóimheas idir aigéid shailleacha neamhsháithithe agus aigéid shailleacha sháithithe de réir mar a aistrítear ó na limistéir is teo i ndeisceart na hIodáile i dtreo na limistéar níos fionnuaire sa tuaisceart, go háirithe ar fhánaí thoir na nAipiníní, áit a ndéanann saintréithe sonracha geolaíocha agus hidreagrafacha an limistéir tionscnaimh a ndálaí aeráide agus a dtopagrafaíocht gharbh a mhaolú go pointe áirithe. Ina theannta sin, is cosúil go bhfuil glacadh leis go leitheadach go bhfuil éifeacht imeallach ag stádas uisce an chrainn féin, nó nach bhfuil éifeacht ar bith aige, ar shaoraigéadacht, rud atá ag brath ar thosca eile amhail rogha na gcineálacha. I gcás Olio dei Colli di Bologna, tá an rogha sin bunaithe ar shaothróga a fásadh le blianta fada sa limistéar tionscnaimh nó nach bhfuil ann ach sa limistéar sin amháin fiú. Is cineálacha iad sin a ghlacann le haeráid níos fuaire agus, mar thoradh ar mhéid íseal an táirgthe freisin, i dtéarmaí na táirgeachta iomláine ológ agus na táirgeachta ola araon, cruthaíonn siad fáinne óir saineolais i measc táirgeoirí sa limistéar a mhéid a bhaineann le rogha an ama chirt chun buainte agus tráthúlacht na próiseála.

Mar thoradh air sin, is saintréith de chuid Olio dei Colli di Bologna leibhéil saoraigéadachta an-íseal, nach mó ná 0,3 %, agus is ola dhea-chothromaithe í ag a bhfuil láidreacht mheasartha sna saintréithe dearfacha torthaíochta, searbhais agus géire. Sna hanailísí a rinneadh, léirítear cion maith aigéid oiléaigh (níos mó ná 72 % nó cothrom leis) agus céatadán réasúnta íseal d'aigéad líonoiléach (níos lú ná 10 % nó cothrom leis). Tá an cóimheas aigéid oiléaigh/aigéid líonoiléaigh an-dearfach agus tugann sé leibhéal maith cobhsaíochta don mhaitrís lipide ar ocsaídiú.

Sraith de phríomh-shaintréithe Olio dei Colli di Bologna is ea iad na paraiméadair sin, agus maidir leis na gnéithe orgánaileipteacha a bhaineann le torthaíocht, searbhas agus géire, gnéithe is féidir a chinneadh trí anailís chéadfach, tá a saintréithe níos cothroime agus níos comhchuí.

Is annamh a bhaineann olaí eile a tháirgtear san Iodáil amach na leibhéil saoraigéadachta, aigéid oiléaigh nó aigéid líonoiléaigh a léiríonn Olio dei Colli di Bologna, nó dá bhrí sin a chóimheas idir aigéid shailleacha neamhsháithithe agus sháithithe freisin. Níl an leibhéal íseal saoraigéadachta sin ach ag ola ATFC amháin eile a tháirgtear san Iodáil, agus níl ach trí cinn díobh (6 % de na ATFCanna agus TGFCanna uile atá cláraithe san Iodáil) ina saintréith freisin den chóimheas íosta idir aigéid shailleacha neamhsháithithe agus sháithithe a fheabhsaíonn gnéithe cothaitheacha na hola.

Is saothróga dúchasacha ársa iad cuid de na cineálacha olóige sa limistéar a bhí ann ó athaimsíodh géinitíopaí ársa. Forbraíodh iad sin trí roghnú agus caomhnú saothróg ó chúige Bologna (Farneto, Montebudello, Montecapra, Montecalvo 2 agus Oliveto) ag a bhfuil na saintréithe agranamaíocha is oiriúnaí go nádúrtha d'fhás i gcnoic Bologna agus do tháirgeadh Olio dei Colli di Bologna. Tá cineálacha eile (Ghiacciolo, Nostrana di Brisighella) le fáil go leitheadach sa limistéar nó ina gharthimpeallacht.

Ar na teicnící fáis, uainiú na buainte agus an bealach a bhainistítear uisciú, is tosca daonna saintréitheacha iad a mbíonn tionchar acu ar an táirge. Sa limistéar táirgthe, is i mí Dheireadh Fómhair a thosaíonn an bhuaint de ghnáth, nuair a tharlaíonn tús an aibithe agus athraíonn dath thart ar leath de dhromchla an drúip, agus críochnaíonn sí faoin 20 Samhain gach bliain. Is ar éigean a úsáidtear uisciú agus, ach má úsáidtear féin, is uisciú easnaimh a chleachtar go ginearálta, rud a chaomhnaíonn na nótaí planda príomhúla agus tánaisteacha ar saintréithe iad de Olio dei Colli di Bologna.

Gné shainiúil eile den limistéar is ea nach bhfuil ach líon teoranta muilte ola ann, rud a fhágann go bhforbraítear gléasra fáiscthe atá éirithe ina gceannairí i bpróiseáil ológ agus a úsáideann táirgeoirí ológ a fheidhmíonn sa chomharsanacht. In imeacht na mblianta, chruthaigh sé sin nós i measc táirgeoirí dul i muinín an fhíorbheagáin muilte ola sin, a rinne iad féin a scruchtúrú ar bhealach chun seirbhísí ardcháilíochta a sholáthar do ghabháltais talmhaíochta. Is muilte ola ardfhorbartha iad sin a bhfuil baint acu le taighde agus turgnamhaíocht agus, trína gcuid saineolais, cuidíonn siad lena saintréithe sonracha a thabhairt do Olio dei Colli di Bologna, rud a théann chun sochair dá chlú atá ag fás chomh maith.

Tagairt d'fhoilsiú shonraíocht táirge an táisc gheografaigh

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/3335